LOBBYING.ie
An Clár Brústocaireachta
Register of Lobbying

An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015: Treoir do dhaoine atá ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta

Arna hAthbhreithniú in Eanáir 2017

Clár Ábhar

Réamhrá 3
An mbaineann an reachtaíocht leat? 3
A Cé atá ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta? 4
B Cé a bhfuil brústocaireacht á déanamh air: Oifigigh Phoiblí Ainmnithe 6
C Cad is cumarsáid iomchuí ann? 7
D Cad is ní iomchuí ann? 7
E Cad is cumarsáid eiscthe ann? 7
An Clár Brústocaireachta 9
An ceanglas chun clárú 9
Ábhar a fhéadfar a eisiamh ón gClár 9
Faisnéis nach foláir a chur ar fáil agus tú ag clárú 10
An ceanglas chun tuairisceáin a dhéanamh 10
Faisnéis i do thuairisceáin 11
Faisnéis iomchuí faoi chliant 11
An ceanglas le haghaidh tuilleadh faisnéise nó faisnéis cheartaithe 12
Foilsiú moillithe 12
“Tréimhse mharana”: Srianta ar fhostaíocht iarthéarma mar bhrústocaire 13
Forfheidhmiú 14
Cad a tharlóidh mura gcláraíonn tú nó mura ndéanann tú tuairisceáin? 14
Sáruithe iomchuí 14
Achomhairc 15
Athbhreithniú ar an Acht 15
Tuilleadh Faisnéise 15
Aguisín: Dea-chleachtais do dhaoine atá ag déanamh gníomhaíochtaí brústocaireachta 16

Réamhrá

Síníodh an *tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015* (uimh. 5 de 2015) (an tAcht) isteach sa dlí i mí an Mhárta 2015 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2015.

Cuid bhunriachtanach den phróiseas daonlathach is ea an bhrústocaireacht trínar féidir le saoránaigh a gcuid tuairimí faoi bheartas poiblí agus faoi sheirbhísí poiblí a chur in iúl do pholaiteoirí agus d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí. Eagraíochtaí amhail grúpaí sainleasa, comhlachtaí ionadaíocha, eagraíochtaí tionscail agus sochaí sibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, carthanais agus brústocairí gairmiúla tríú páirtí, cuireann siad go léir ionchur agus aiseolas riachtanach ar fáil do pholaiteoirí agus d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí trína gcuid tuairimí agus buarthaí a chur in iúl. Níl sé mar aidhm ag an *Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015* an sreabhadh faisnéise nó tuairimí faoi bheartas nó faoi reachtaíocht a shrianadh. Tá sé mar rún aige i bhfad níos mó oscailteachta agus trédhearcachta a chur ar fáil i leith gníomhaíochtaí brústocaireachta.

Is é is aidhm don *Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015* faisnéis a chur ar fáil don phobal faoi na nithe seo:

- Cé atá ag déanamh brústocaireachta
- Cé ar a shon a bhfuil brústocaireacht á déanamh
- Cé na saincheisteanna atá i gceist sa bhrústocaireacht
- Cad is aidhm don bhrústocaireacht a bhaint amach
- Cé a bhfuil brústocaireacht á déanamh air

Go ginearálta, baineann an tAcht le heagraíochtaí tráchtála a bhfuil níos mó ná 10 fostaithe lánaimseartha acu; le comhlachtaí ionadaíocha ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin ar a laghad; le grúpaí tathanta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus carthanais ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin ar a laghad agus a chuireann leasanna nó cúiseanna ar leith chun cinn, agus le gairmithe a ghlacann páirt i mbrústocaireacht thar ceann cliaint a thagann faoi na critéir thuas. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh an tAcht bheith bainteach maidir le daoine aonair agus le grúpaí nach measfadh de ghnáth go leanann siad ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta.

Féachann an tAcht leis an mbrústocaireacht a dhéanamh níos oscailte agus níos trédhearcaí trí fhoráil a dhéanamh do na nithe seo:

- Clár Brústocaireachta ar líne a bhunú agus a choimeád ar bun;
- Oibleagáidí ar bhrústocairí clárú agus faisnéis a chur ar fáil go rialta faoina ngníomhaíochtaí brústocaireachta, lena n-áirítear faisnéis faoina gcliaint i gcás brústocairí gairmiúla;
- An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin) a bheith ar an rialálaí brústocaireachta;
- Tréimhse mharana a fhorchur ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta áirithe a bhféadfadh roinnt iaroifigigh phoiblí iad a dhéanamh.

An mbaineann an reachtaíocht leat?

Bainfidh an reachtaíocht leat má chomhlíonann tú ceann ar bith de na coinníollacha seo a leanas:

A. Tá tú ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta.
B. Is Oifigeach Poiblí Ainmnithe é an duine a bhfuil brústocaireacht á déanamh air.
C. Tá cumarsáid iomchuí á déanamh agat.
D. Baineann an chumarsáid sin le ní iomchuí.
E. Ní cumarsáid eiscthe í an chumarsáid sin.

Cad nach foláir duit a dhéanamh?
Tiocfaidh an tAcht in éifeacht an 1 Meán Fómhair 2015.

Ba í an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015 an chéad tréimhse chlárúcháin. Má bhí tú ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta le linn na tréimhse sin, bhí ort clárú ar www.lobbying.ie faoin 21 Eanáir 2016 ar a dhéanaí. Chomh maith leis sin, bhí ort tuairisceán a dhéanamh faoin 21 Eanáir 2016 ina leagfar amach na sonraí riachtanacha faoi do ghníomhaíochtaí brústocaireachta sa tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015. A luaithe is atá tú cláraithe, ní foláir duit leanúint ar aghaidh le tuairisceáin a dhéanamh i leith gach tréimhse ceithre mhí ina dhiaidh sin (is iad sin, an 1 Eanáir go dtí an 30 Aibreán; an 1 Bealtaine go dtí an 31 Lúnasa; an 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Nollaig), lena n-áirítear toradh nialasach le haghaidh aon tréimhse nach ndearna tú brústocaireacht inti.

A Cé atá ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta?

San Acht, liostaítear na coinníollacha atá i bhfeidhm má mheastar go bhfuil tú ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta agus, dá bhrí sin, ceanglaítear ort clárú mar bhrústocaire.

Is féidir go mbeidh tú ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta más rud é:

1. **Gur brústocaire gairmiúil thú**: Faigheann tú íocaíocht as cumarsáid iomchuí a dhéanamh nó a bhainistiú nó ordú a thabhairt í a dhéanamh thar ceann duine eile agus comhlíontar coinníollacha eile.
2. **Go ndéanann tú brústocaireacht thar do cheann féin nó thar ceann gnóthais nó eagraíochta**: Déanann tú nó bainistíonn tú cumarsáid iomchuí nó tugann tú ordú í a dhéanamh agus tá tosca áirithe i bhfeidhm.
3. **Go ndéanann tú brústocaireacht ar fhorbairt talún nó ar chriosú talún**: Déanann tú cumarsáid iomchuí ar fhorbairt talún nó ar chriosú talún.

****

1. **Brústocaireacht ghairmiúil: cumarsáidí thar ceann cliaint**

Beidh tú ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta más rud é:

- Go ndéanann tú nó go mbainistíonn tú cumarsáid iomchuí nó go dtugann tú ordú í a dhéanamh thar ceann cliaint

Agus

- Go bhfaigheann tú íocaíocht as an gcumarsáid sin a dhéanamh nó a bhainistiú agus as ordú a thabhairt í a dhéanamh (is féidir an íocaíocht sin a dhéanamh in airgead nó i luach airgid)

Agus
go mbaineann ceann ar bith de na nithe seo le do chliant:

- Tá níos mó ná 10 fostaithe lánaimseartha ag do chliant agus déantar na cumarsáidí iomchuí thar ceann an chliaint *(ciallaíonn sé sin duine aonair, cuideachta, comhpháirtíocht nó eagraíocht a fhostaíonn níos mó ná deichniúr)*,
- Is comhlacht ionadaíoch é do chliant (is é sin, comhlacht atá ann go príomha chun ionadaíocht a dhéanamh do leasanna a chuid ball) ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin nó níos mó agus déantar na cumarsáidí iomchuí thar ceann ceann amháin de na baill *(mar shampla, ceardchumann, comhlacht gairmiúil, cumann tionscail nó comhlacht spóirt. Ní chuirtear eagraíochtaí atá comhdhéanta go hiomlán d'oibrithe deonacha san áireamh ach cuirfear san áireamh iad má fhostaíonn siad duine amháin go lánaimseartha)* nó
- Is comhlacht tathanta é do chliant (is é sin, comhlacht atá ann go príomha chun tabhairt faoi shaincheisteanna ar leith) ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin nó níos mó agus baineann na

cumarsáidí iomchuí le ceann ar bith de na saincheisteanna sin *(mar shampla, eagraíochtaí atá ag cur shaincheisteanna chearta an duine chun cinn nó atá i mbun feachtais ar son daoine gan dídean. Ní chuirtear eagraíochtaí atá comhdhéanta go hiomlán d'oibrithe deonacha san áireamh ach cuirfear san áireamh iad má fhostaíonn siad duine amháin go lánaimseartha) nó*

- D'iarr do chliant ort cumarsáid a dhéanamh ar chriosú talún nó ar fhorbairt talún nach í príomháit chónaithe phríobháideach an chliaint í.

2. Cumarsáidí thar do cheann féin nó thar ceann do ghnóthais/d'eagraíochta

Beidh tú ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta más rud é:

- Go ndéanann tú nó go mbainistíonn tú cumarsáid iomchuí nó go dtugann tú ordú í a dhéanamh

Agus

- Go mbaineann ceann ar bith de na nithe seo leat:
  - Tá níos mó ná 10 fostaithe lánaimseartha agat agus déantar na cumarsáidí iomchuí thar do cheann;
  - Is comhlacht ionadaíoch thú (is é sin, comhlacht atá ann go príomha chun ionadaíocht a dhéanamh do leasanna a chuid ball) ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin nó níos mó agus déantar na cumarsáidí iomchuí thar ceann ceann amháin de na baill *(mar shampla, ceardchumann, comhlacht gairmiúil, cumann tionscail nó comhlacht spóirt. Ní chuirtear eagraíochtaí atá comhdhéanta go hiomlán d'oibrithe deonacha san áireamh ach cuirfear san áireamh iad má fhostaíonn siad duine amháin go lánaimseartha)*

  nó

  - Is comhlacht tathanta thú (is é sin, comhlacht atá ann go príomha chun tabhairt faoi shaincheisteanna ar leith) ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin nó níos mó agus baineann na cumarsáidí iomchuí le ceann ar bith de na saincheisteanna seo *(mar shampla, eagraíochtaí atá ag cur shaincheisteanna chearta an duine chun cinn nó atá i mbun feachtais ar son daoine gan dídean. Ní chuirtear eagraíochtaí atá comhdhéanta go hiomlán d'oibrithe deonacha san áireamh ach cuirfear san áireamh iad má fhostaíonn siad duine amháin go lánaimseartha)*

I gcás comhlachtaí ionadaíocha agus comhlachtaí tathanta, ní foláir an chumarsáid iomchuí a bheith déanta ag fostaí de chuid an chomhlachta nó ag duine a shealbhaíonn oifig íoctha (mar shampla, an cathaoirleach) sa chomhlacht a mbaineann a chuid feidhmeanna le gnóthaí an chomhlachta ina iomláine agus mar a ndéantar an chumarsáid sa cháil sin. *(Fágann sé sin nach meastar go ginearálta gurb ionann cumarsáidí a dhéanann oibrithe deonacha neamhíoctha agus brústocaireacht. Féadfaidh sealbhóirí oifige amhail cathaoirligh agus rúnaithe a bheith ina n-oibrithe deonacha neamhíoctha. Más rud é go bhfuil siad ina n-oibrithe deonacha neamhíoctha, ní bheidh cumarsáidí a dhéanann siad cothrom go ginearálta le bheith ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta. Mar sin féin, féadfaidh cumarsáid iomchuí bheith díreach nó indíreach. Mar sin de, is brústocaireacht í sa chás go ndéanann oibrí deonach neamhíoctha an chumarsáid tar éis dó ordú a fháil ó fhostaí nó ó shealbhóir oifige íoctha agus ní mór í a chur san áireamh i dtuairisceán na heagraíochta.)*

3. **Cumarsáidí ar fhorbairt talún nó ar chriosú talún**

Beidh tú ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta más rud é go ndéanann tú cumarsáid iomchuí ar fhorbairt talún nó ar chriosú talún.

Tá treoirlínte mionsonraithe maidir le brústocaireacht i dtaca le forbairt talún agus le criosú talún ar fáil ag www.lobbying.ie.

TABHAIR FAOI DEARA: Ní brústocaireacht atá i ngach cineál cumarsáide.

Is fiú a thabhairt faoi deara nach meastar, chun críocha an Achta, gur brústocaireacht atá i ngach cineál cumarsáide. Tá roinnt díolúintí ann freisin. Ní mheastar gur brústocaireacht atá i gcumarsáid ach amháin má chomhlíonann an chumarsáid na critéir thuas. Beidh méid suntasach **cumarsáidí clinic toghcheantair** díolmhaithe sa chás go mbaineann an t-ábhar le gnóthaí pearsanta duine nó sa chás gur cumarsáidí iad a sheolann micreaghnóthas ag a bhfuil níos lú ná 10 fostaithe. Tá tuilleadh faisnéise leagtha amach thíos faoi nithe a meastar gur nithe iomchuí iad.

Is fiú a thabhairt faoi deara nach i suíomh foirmiúil ná trí mhodhanna foirmiúla a úsáid a dhéantar gach cineál brústocaireachta. Cé go ndéantar cuid mhór brústocaireachta trí chruinnithe duine le duine, trí ghlaonna teileafóin nó trí ríomhphoist, déantar brústocaireacht ar bhealaí nach bhfuil chomh foirmiúil céanna. Áirítear leo sin comhráite neamhfhoirmiúla, tóstail shóisialta, agus na meáin shóisialta, fiú. Má chomhlíonann an chumarsáid na critéir thuas, meastar gur brústocaireacht atá inti agus ní mór í a thuairisciú dá bharr sin.

B Cé a bhfuil brústocaireacht á déanamh air: Oifigigh Phoiblí Ainmnithe

Is iad seo a leanas na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe faoin Acht:

- Airí agus Airí Stáit;
- TDanna agus Seanadóirí;
- FPEnna do thoghcheantair Éireannacha;
- Baill d'údaráis áitiúla;
- Comhairleoirí Speisialta d'Airí agus d'Airí Stáit a ceapadh faoi alt 11 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997;
- Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí mar atá leagtha síos;
- Catagóirí eile daoine mar atá leagtha síos.

Maidir leis an Státseirbhís, rinne an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe rialacháin ina soláthraítear sonraí faoi na poist atá forordaithe mar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe chun críocha an Achta. Is forordaithe mar Oifigeach Poiblí Ainmnithe atá fostaí sa tseirbhís phoiblí ar Ard-Rúnaí, Rúnaí Tánaisteach, Leas-Rúnaí, Rúnaí Cúnta nó Stiúrthóir é i gcomhlacht seirbhíse poiblí atá sonraithe i Sceideal I de na Rialacháin.
Is forordaithe mar Oifigeach Poiblí Ainmnithe atá fostaí sa tseirbhís phoiblí i gcáil atá sonraithe i Sceideal 2 de na Rialacháin freisin.
I dtaca le húdaráis áitiúla, foráiltear leis na Rialacháin go bhfuil na daoine atá i mbun na bpost seo a leanas in údaráis áitiúla forordaithe mar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe:

- Príomhfheidhmeannaigh agus gráid choibhéiseacha
- An Príomhfheidhmeannach Cúnta (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath amháin)
- Stiúrthóirí Seirbhísí
- Cinn Airgeadais
- An Ceann Acmhainní Daonna (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath amháin)

Tá sonraí iomlána faoi na poist thuas atá forordaithe sna Rialacháin ar fáil ar ár suíomh Gréasáin www.lobbying.ie. Féadfar an liosta post atá forordaithe mar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe a leathnú le hOrdú ón Aire chuig catagóirí eile le himeacht ama.

Tá oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí foilsiú a dhéanamh ar ainmneacha a bhfostaithe is Oifigigh Phoiblí Ainmnithe agus ar chur síos achomair ar a róil agus a bhfreagrachtaí chun críocha an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil ar shuíomhanna Gréasáin na gcomhlachtaí poiblí lena mbaineann. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil Oifigigh Phoiblí Ainmnithe ag gach comhlacht poiblí.

C Cad is cumarsáid iomchuí ann?

Is é is cumarsáid iomchuí ann ná cumarsáid

- Is féidir a dhéanamh i scríbhinn nó ó bhéal
- A dhéantar go pearsanta (go díreach nó go hindíreach)
- A dhéantar chuig Oifigeach Poiblí Ainmnithe
- A bhaineann le ní iomchuí
- Nach cumarsáid eiscthe í

D Cad is ní iomchuí ann?

Is é is ní iomchuí ann ná ní ar bith a bhaineann leis na nithe seo:

- Tionscnamh, forbairt nó mionathrú aon bheartais phoiblí nó aon chláir phoiblí (mar shampla, tograí le haghaidh athruithe ar chánachas, tograí le haghaidh athruithe ar bheartas talmhaíochta, tograí le haghaidh teidlíocht i leith seirbhísí sláinte a athrú)
- Ullmhú nó leasú aon dlí (lena n-áirítear reachtaíocht thánaisteach amhail ionstraimí reachtúla agus fodhlíthe) (mar shampla, tograí le haghaidh an dlí maidir le huchtú a athrú, tograí le haghaidh fodhlíthe a bhaineann le trácht a athrú)
- Dámhachtain aon deontais, iasachta nó tacaíochta airgeadais eile, aon chonartha nó aon chomhaontaithe eile, nó aon cheadúnais nó údaraithe eile lena mbaineann cistí poiblí (mar shampla, na critéir i dtaca le deontais tithíochta a dhámhachtain do dhaoine faoi mhíchumas, an ceannach maoine nó an díol maoine nó sócmhainní eile ag an rialtas.)

SEACHAS cur chun feidhme aon bheartais, chláir, achtaithe, dámhachtana nó ní ag a bhfuil cineál teicniúil. *(Mar shampla, mheasfaí gur ghníomhaíocht brústocaireachta a bheadh i gcumarsáidí a bhaineann le critéir a fhorbairt le haghaidh scéimeanna deontas tithíochta, le critéir a fhorbairt le haghaidh tógálaithe a roghnú chun scoileanna a thógáil nó le critéir a fhorbairt le haghaidh ceadúnas a dhámhachtain chun iompar a chur ar fáil ar bhealach sonrach. Mheasfaí gurbh ábhair chur chun feidhme a bheadh i gcur chun feidhme na scéimeanna deontais sin (an measúnú ar cé acu a cháileodh duine aonair nó nach gcáileodh) nó na gcomórtas ceadúnais nó i gcur chun feidhme na bpróiseas tairisceana trí ríomhthairiscintí.)*

E Cad is cumarsáid eiscthe ann?

"Cumarsáidí eiscthe" atá sna nithe seo a leanas agus, dá bhrí sin, ní mheastar gurb ionann iad agus brústocaireacht (ní cumarsáidí iomchuí iad):

- **Gnóthaí príobháideacha**: Cumarsáidí a dhéanann duine aonair nó a dhéantar thar ceann duine aonair a bhaineann lena ghnóthaí príobháideacha féin seachas má bhaineann siad le forbairt nó criosú aon talún *(mar shampla, ní cumarsáidí iomchuí iad cumarsáidí i dtaca le d'incháilitheacht le haghaidh íocaíocht leasa shóisialaigh, teach údaráis áitiúil nó cárta leighis nó i dtaca le do theidlíocht*

ina leith sin). Tá treoirlínte mionsonraithe maidir le brústocaireacht i dtaca le forbairt talún agus le criosú talún ar fáil ag www.lobbying.ie;

- **Caidreamh taidhleoireachta**: Cumarsáidí a dhéanann tír iasachta nó críoch iasachta, an tAontas Eorpach, na Náisiúin Aontaithe nó eagraíocht idir-rialtasach idirnáisiúnta ar bith eile nó a dhéantar thar a gceann;
- **Faisnéis fhíorasach**: Cumarsáidí lena n-iarrtar faisnéis fhíorasach nó lena gcuirtear faisnéis fhíorasach ar fáil mar fhreagairt d'iarraidh ar an bhfaisnéis *(mar shampla, cuideachta atá ag fiafraí d'fhostaí sa tseirbhís phoiblí faoi conas cáiliú le haghaidh deontas fiontraíochta agus atá ag fáil freagra; duine atá ag fiafraí faoi na rialacha i dtaca le pleanáil agus atá ag fáil freagra; faisnéis fhíorasach a chuireann comhlacht ionadaíoch ar fáil do roinn rialtais mar fhreagairt d'iarraidh ón roinn);*
- **Aighneachtaí foilsithe**: Cumarsáidí a iarrann agus a fhoilsíonn comhlacht seirbhíse poiblí *(mar shampla, aighneachtaí a fhaightear mar fhreagairt do phróiseas comhairliúcháin phoiblí a bhfoilsíonn an comhlachas poiblí iad ina dhiaidh sin.)*
- **Caibidlíocht cheardchumainn**: Cumarsáidí atá ina gcuid de chaibidlíocht nó atá bainteach go díreach le caibidlíocht maidir le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ar thug ionadaithe de cheardchumann fúithi thar ceann a chuid ball;
- **Sábháilteacht agus slándáil**: Cumarsáidí a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt ar shábháilteacht aon duine nó ar shlándáil an Stáit dá nochtfaí iad;
- **Coistí Oireachtais**: Cumarsáidí a dhéantar in imeachtaí de chuid coiste de cheachtar Teach den Oireachtas;
- **Cumarsáidí a dhéanann Oifigigh Phoiblí Ainmnithe nó fostaithe sa tseirbhís phoiblí**: Cumarsáidí a dhéanann Oifigeach Poiblí Ainmnithe sa cháil sin; cumarsáidí a dhéanann fostaithe sa tseirbhís phoiblí (nó na daoine sin atá fostaithe ar conradh ag comhlacht seirbhíse poiblí) sa cháil sin agus a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta seirbhíse poiblí. Fostaítear fostaithe sa tseirbhís phoiblí i gcomhlachtaí seirbhíse poiblí nó bíonn siad i seilbh oifige sna comhlachtaí sin - go ginearálta, is comhlachtaí Stáit iad in ionad comhlachtaí Stáit tráchtála. *(mar shampla, ní hionann agus brústocaireacht na cumarsáidí a sheolann comhairleoirí contae chuig bainisteoirí údaráis áitiúil nó fostaithe eile sa tseirbhís phoiblí.)*
- **Rialachas comhlachtaí Stáit tráchtála**: Cumarsáidí a sheolann comhlacht Stáit tráchtála nó a sheoltar thar a cheann chuig Aire de chuid an Rialtais ag a bhfuil scaireanna sa chomhlacht nó ag a bhfuil feidhmeanna reachtúla i dtaca leis an gcomhlacht nó chuig oifigigh phoiblí atá ar obair i roinn an Aire, ar cumarsáidí iad a dhéantar i ngnáthchúrsa gnó an chomhlachta *(mar shampla, cumarsáidí áirithe lena mbaineann Bus Éireann agus an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt)*
- **Grúpaí oibre beartais**: Cumarsáidí idir baill de chomhlacht iomchuí ar cheap Aire nó comhlacht seirbhíse poiblí é chun críche athbhreithniú, measúnú nó anailís a dhéanamh ar aon saincheist bheartais phoiblí d'fhonn tuairisc a thabhairt uirthi don Aire nó don chomhlacht seirbhíse poiblí. Is é is comhlacht iomchuí ann ná comhlacht a gceapann Aire nó comhlacht seirbhíse poiblí a chuid ball agus áirítear leis na baill Oifigeach Poiblí Ainmnithe amháin nó níos mó agus duine amháin nó níos mó nach bhfuil ina fhostaí/ina bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí ná nach bhfuil fostaithe chun críocha comhlacht seirbhíse poiblí. Beidh feidhm ag an díolúine sin má dhéanann comhlacht iomchuí a chuid gníomhaíochtaí de réir an Chóid Trédhearcachta *(mar shampla, grúpaí saineolaithe, grúpaí oibre, grúpaí athbhreithnithe nó coimisiúin a bunaíodh chun saincheisteanna sonracha a scrúdú agus tuairisciú orthu a n-áirítear fostaithe ainmnithe sa tseirbhís phoiblí agus roinnt fostaithe nach bhfuil sa tseirbhís phoiblí lena gcuid ball).* Tá an Cód Trédhearcachta ar fáil ag https://www.lobbying.ie/help-resources/information-for-public-bodies/transparency-code/.

An Clár Brústocaireachta

Tá freagracht ar an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin) as an gClár Brústocaireachta, ag www.lobbying.ie, a bhunú agus a choimeád ar bun. Tá an clár ar fáil ar líne do bhaill den phobal agus tá sé saor in aisce.

Cuimsíonn an Clár Brústocaireachta:

- Na sonraí clárúcháin a chuireann gach duine cláraithe ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin agus
- An fhaisnéis atá sna tuairisceáin a dhéanann gach duine cláraithe.

An ceanglas chun clárú

Beidh cosc ort leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta mura bhfuil tú cláraithe ar an gClár Brústocaireachta. Ní bhaineann sé sin leis an gcéad tréimhse iomchuí a ndéanann tú gníomhaíochtaí brústocaireachta lena linn - is féidir leat clárú tar éis duit tosú ar bhrústocaireacht a dhéanamh.

A luaithe is atá oibleagáid ort a bheith cláraithe, is sárú iomchuí ar an Acht é leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta gan a bheith cláraithe.

Ní ghearrtar aon táille ar chlárú.

TÁBHACHTACH: Ní foláir duit clárú laistigh de 21 lá (dáta iomchuí) ó dheireadh na tréimhse iomchuí ina dtosaíonn tú ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta den chéad uair. Is é an tréimhse iomchuí na ceithre mhí dar críoch an lá deiridh de mhí Aibreáin, de mhí Lúnasa agus de mhí na Nollag gach bliain.

Más rud é go dtosaíonn tú ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta idir
an 1 Eanáir agus an 30 Aibreán, ní foláir duit clárú faoin 21 Bealtaine
an 1 Bealtaine agus an 31 Lúnasa, ní foláir duit clárú faoin 21 Meán Fómhair
an 1 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig, ní foláir duit clárú faoin 21 Eanáir.

Is sárú ar an Acht é leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta gan a bheith cláraithe.

Ábhar a fhéadfar a eisiamh ón gClár

Sonraí pearsanta
Féadfar sonraí pearsanta a eisiamh ón bhfaisnéis atá ar fáil go poiblí. Tarlóidh sé sin má tá an Coimisiún um Chaighdeáin den tuairim gur gá an fhaisnéis sin a eisiamh ar na cúiseanna seo a leanas:

- D'fhonn nach mbainfear mí-úsáid aisti, nó
- D'fhonn sábháilteacht aon duine a chosaint, nó
- D'fhonn slándáil an Stáit a chosaint.

Sa reachtaíocht um chosaint sonraí, sainmhínítear sonraí pearsanta mar shonraí a bhaineann le duine beo a shainaithnítear, nó is féidir a shainaithint, ó na sonraí féin nó ó na sonraí i gcomhar le faisnéis eile. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach www.dataprotection.ie.

Faisnéis atá míchruinn, as dáta nó míthreorach
Má tá tú den tuairim gurb ann d'fhaisnéis fút ar an gClár atá míchruinn, as dáta nó míthreorach, féadfaidh tú fianaise air sin a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin (más duine atá ag déanamh gníomhaíochtaí brústocaireachta, duine a bhfuil brústocaireacht á déanamh thar a cheann nó cliant de chuid brústocaire gairmiúil thú).

Má tá an Coimisiún um Chaighdeáin den tuairim go bhfuil an fhaisnéis míchruinn, as dáta nó míthreorach, féadfaidh sé an fhaisnéis sin a leasú nó a scriosadh de réir mar is gá. Mura bhfuil sé den tuairim go bhfuil an fhaisnéis míchruinn, as dáta ná míthreorach, ní foláir dó fógra a thabhairt duit faoi sin agus na cúiseanna taobh thiar dá chinneadh a mhíniú duit.

Mura bhfuil tú sásta leis an gcinneadh ón gCoimisiún um Chaighdeáin maidir leis an bhfaisnéis a leasú nó a scriosadh, féadfaidh tú achomharc a dhéanamh.

Faisnéis nach foláir a chur ar fáil agus tú ag clárú

D'fhonn clárú, ní foláir duit an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin:

- Ainm d'eagraíochta (nó d'ainm féin má tá tú ag déanamh brústocaireachta mar dhuine aonair ar chriosú nó ar fhorbairt)
- An seoladh (nó an príomhsheoladh) ag a gcuireann tú do ghnó i gcrích nó (murab ann do sheoladh den sórt sin) an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ort
- Do ghnó nó phríomhghníomhaíochtaí laethúla d'eagraíochta
- Aon seoladh ríomhphoist, aon uimhir theileafóin nó aon seoladh suíomh Gréasáin a bhaineann le do ghnó nó le do phríomhghníomhaíochtaí
- Aon chláruimhir arna heisiúint ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí duit agus, más cuideachta thú, d'oifig chláraithe.

(*Ní gá gur cuideachta thú. Tá an fheidhm chéanna ag an reachtaíocht maidir le trádálaithe aonair, le comhpháirtíochtaí, le comhlachtaí ionadacha, le comhlachtaí tathanta agus le cuideachtaí. Ní bhaineann an struchtúr dlíthiúil le hábhar. Is féidir go gceanglófar ar shaoránaigh aonair clárú i gcásanna ina bhfuil siad ag déanamh gníomhaíochtaí brústocaireachta maidir le forbairt talún agus criosú talún.)*

{Ba cheart an fhaisnéis a chuirtear ar fáil a bheith ar an bhfaisnéis sin a bhaineann le clárú na heagraíochta. Má tá tú ag clárú thar ceann do ghnóthais, tabhair sonraí teagmhála do ghnóthais in ionad do shonraí pearsanta féin}.

Ní foláir duit a lua gur ceart atá an fhaisnéis a thugtar i do shonraí clárúcháin.

Nuair a chuireann tú an fhaisnéis sin agus an ráiteas ina dhiaidh ar fáil, beidh tú i do dhuine cláraithe agus beidh an fhaisnéis atá curtha ar fáil agat ar fáil láithreach ar an gClár.

Má scoireann tú go buan de ghníomhaíochtaí brústocaireachta a dhéanamh, féadfaidh tú iarraidh ar an gCoimisiún um Chaighdeáin an méid sin a thabhairt faoi deara i d'iontráil ar an gClár.

An ceanglas chun tuairisceáin a dhéanamh

Mar dhuine cláraithe, ceanglaítear ort tuairisceáin a dhéanamh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin laistigh de 21 lá ó dheireadh gach tréimhse iomchuí. Is é an tréimhse iomchuí na ceithre mhí dar críoch an lá deiridh de mhí Aibreáin, de mhí Lúnasa agus de mhí na Nollag gach bliain. Is sárú ar an Acht é mainneachtain tuairisceáin den sórt sin a dhéanamh.

Mura ndearna tú aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta sa tréimhse iomchuí, ní foláir an méid sin a chur in iúl i do thuairisceán: is é sin le rá, ní foláir duit toradh nialasach a dhéanamh.

Ní gá duit tuairisceáin a dhéanamh má thugtar faoi deara i d'iontráil i nótaí an Chláir gur scoir tú go buan de ghníomhaíochtaí brústocaireachta a dhéanamh.

Faisnéis i do thuairisceáin

Má rinne tú gníomhaíochtaí brústocaireachta sa tréimhse iomchuí, ní foláir an méid seo a leanas a chur in iúl i do thuairisceán:

- Na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe a ndearnadh brústocaireacht orthu agus an comhlacht iomchuí seirbhíse poiblí
- Ábhar na brústocaireachta agus na torthaí a bhíothas ag iarraidh a bhaint amach. Tá sé tábhachtach gur fiúntach atá an toradh beartaithe - cad a bhí tú ag iarraidh a bhaint amach de bharr na gníomhaíochta brústocaireachta? Más "ag múscailt feasachta" atá sí - cad is cuspóir di? *(mar shampla, bhí tú ag déanamh brústocaireachta maidir le seirbhísí timpistí agus éigeandála agus tú ag iarraidh go gcuirfí seirbhísí den sórt sin ar fáil in ospidéal ar leith*)
- Cineál agus méid na ngníomhaíochtaí brústocaireachta a rinneadh; gheofar roghanna anuas ar an bhfoirm thuairisceáin ar www.lobbying.ie a chabhróidh leat cineál agus méid na gníomhaíochta a bhaineann le do thuairisceán a shainaithint
- Ainm an duine aonair i d'eagraíocht ar a raibh príomhfhreagracht as na gníomhaíochtaí brústocaireachta a dhéanamh. Is féidir go bhfuil baint ag daoine eile i d'eagraíocht le brústocaireacht ach ba cheart an duine atá liostaithe anseo a bheith ar an duine ar a bhfuil príomhfhreagracht.
- An fhaisnéis iomchuí faoi do chlia(i)nt sa chás go raibh tú ag déanamh brústocaireachta thar ceann duine eile nó daoine eile
- Ainm gach duine atá nó a bhí (roimh rith an Achta nó ina dhiaidh) ina oifigeach poiblí ainmnithe agus atá fostaithe agat nó atá ag soláthar seirbhísí duit agus a bhí i mbun gníomhaíochtaí brústocaireachta a dhéanamh sa tréimhse dá bhfuil an tuairisceán á dhéanamh (*mar shampla, más rud é go bhfuil iarTheachta Dála, comhairleoir speisialta nó seirbhíseach poiblí sinsearach fostaithe agat nó go bhfuil conradh agat le duine den sórt sin agus go ndearna siad na gníomhaíochtaí brústocaireachta thar do cheann*)
- Aon athrú a tháinig chun cinn sa tréimhse iomchuí maidir leis an bhfaisnéis a chuir tú ar fáil agus tú ag clárú.
- Gur ceart atá an fhaisnéis a thugtar sa tuairisceán.

Faisnéis iomchuí faoi chliant

Má tá tú ag déanamh brústocaireachta thar ceann cliaint, caithfidh tú clárú agus tuairisceán ar na gníomhaíochtaí brústocaireachta a rinneadh thar ceann an chliaint a chur isteach. Má ghlacann an cliant páirt i ngníomhaíochtaí brústocaireachta sa bhreis nó ar leith, caithfidh an cliant clárú freisin agus tuairisceán a chur isteach i leith na ngníomhaíochtaí brústocaireachta sa bhreis nó ar leith.

Ní foláir duit freisin an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil faoi chliant:

- Ainm an chliaint
- An seoladh (nó an príomhsheoladh) ag a gcuireann an cliant gnó i gcrích nó (murab ann do sheoladh den sórt sin) an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an gcliant
- Gnó nó príomhghníomhaíochtaí an chliaint,
- Aon seoladh ríomhphoist, aon uimhir theileafóin nó aon seoladh suíomh Gréasáin a bhaineann le gnó do chliaint nó lena phríomhghníomhaíochtaí,
- Aon chláruimhir arna heisiúint ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí don chliant agus, más cuideachta é, oifig chláraithe an chliaint.

An ceanglas le haghaidh tuilleadh faisnéise nó faisnéis cheartaithe

Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin tuilleadh faisnéise a iarraidh maidir le hiarratas chun clárú mar bhrústocaire agus/nó tuairisceán maidir le gníomhaíocht brústocaireachta i gcásanna ina bhfuil sé den tuairim:

- Go bhfuil tuilleadh faisnéise ag teastáil chun a chinntiú go gcomhlíonann an t-iarratas nó an tuairisceán an reachtaíocht, nó
- Gur míchruinn nó míthreorach atá an fhaisnéis a chuirtear ar fáil san iarratas nó sna tuairisceáin

Ceanglófar ort an tuilleadh faisnéise atá ag teastáil nó an fhaisnéis cheartaithe a chur ar fáil laistigh de 21 lá. Má mhainníonn tú déanamh amhlaidh, déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin an fhaisnéis a chuirtear ar fáil i do chlárúchán nó i do thuairisceán a bhaint ón gClár. Míneofar duit cén fáth ar baineadh an fhaisnéis. Má bhaintear an fhaisnéis, caithfear leat amhail is nach raibh tú cláraithe nó nach ndearna tú tuairisceán iomchuí, de réir mar a bheidh.

Má tá an Coimisiún um Chaighdeán den tuairim gur míchruinn nó míthreorach atá aon fhaisnéis a thugtar i do shonraí clárúcháin nó i dtuairisceán, féadfaidh sé an fhaisnéis sin a bhaint láithreach ón gClár. Measfar thú amhail is nach bhfuil tú cláraithe nó nach ndearna tú tuairisceán iomchuí, de réir mar a bheidh, ach amháin má chuirtear an fhaisnéis cheartaithe ar fáil nó go dtí go gcuirtear an fhaisnéis cheartaithe ar fáil.

Foilsiú moillithe

Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin chun foilsiú faisnéise áirithe a thugtar i do shonraí clárúcháin nó i do thuairisceáin a mhoilliú. Féadfaidh tú déanamh amhlaidh más rud é go dtugann tú faisnéis agus tú ag clárú, nó go dtugann tú faisnéis i do thuairisceán, agus go bhfuil tú den tuairim gur féidir a bheith ag súil le réasún go dtarlódh an méid seo a leanas dá gcuirfí an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí:

A. Drochthionchar tromchúiseach a imirt ar leasanna airgeadais an Stáit, ar an ngeilleagar náisiúnta nó ar leasanna gnó i gcoitinne nó ar na leasanna gnó de chuid grúpa daoine ar leith, nó
B. Caillteanas ábhartha airgeadais a chruthú don duine lena mbaineann an fhaisnéis nó dochar tromchúiseach a dhéanamh do chor iomaíoch an duine sin maidir le post, le gairm nó le gnó an duine nó don toradh ar aon idirbheartaíocht chonarthach nó ar aon idirbheartaíocht de chineál eile atá á déanamh ag an duine sin

I gcás mhír A, ní foláir don Choimisiún um Chaighdeáin dul i gcomhairle le hAirí iomchuí sula ndéanfaidh sé cinneadh ar d'iarratas. Ní foláir an cinneadh sin a dhéanamh laistigh de 21 lá.

Má tá an Coimisiún um Chaighdeáin den tuairim gur féidir a bheith ag súil le réasún go bhféadfaí na hiarmhairtí a chuir tú in iúl teacht as an bhfaisnéis a chur ar fáil go poiblí, féadfaidh sé na cinntí seo a leanas a dhéanamh:

- Cuid den fhaisnéis sin, nó an fhaisnéis sin ar fad, a eisiamh ó fhoilsiú láithreach
- Cuid den fhaisnéis sin, nó an fhaisnéis sin ar fad, a chur ar fáil i bhfoirm achomair amháin

Ní fhéadfaidh sé cinneadh den sórt sin a dhéanamh ach amháin má tá sé den tuairim gurbh fhearr do leas an phobail moill a chur ar an bhfaisnéis a chur ar fáil go poiblí.

Beidh feidhm ag cinneadh den sórt sin ar feadh tréimhse shonraithe nach mó ná sé mhí nó go dtí go gcúlghairfear é, cibé acu is luaithe.

Fad atá cinneadh i bhfeidhm, ní bheidh feidhm ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise maidir le taifead a bhaineann le haon fhaisnéis is ábhar do chinneadh.

Má dhiúltaítear go hiomlán nó go páirteach do d'iarratas ar fhoilsiú moillithe, míneoidh an Coimisiún um Chaighdeáin na cúiseanna taobh thiar den diúltú sin duit.

Cuirfidh an Coimisiún um Chaighdeáin cóipeanna den chinneadh ar fáil duit agus d'aon Airí a ndeachthas i gcomhairle leo.

Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin athbhreithniú a dhéanamh ar a chinneadh tráth ar bith agus féadfaidh sé a chinneadh é a chúlghairm más cosúil gurbh fhearr do leas an phobail an fhaisnéis a chur ar fáil láithreach go poiblí ná í a mhoilliú. Má tharlaíonn sé sin, tabharfar fógra duit agus do na hAirí iomchuí faoi sin.

Má fhoilsítear an fhaisnéis i bhfoirm achomair, beidh sé sin luaite ar an gclár.

Sa chás gur moillíodh foilsiú na faisnéise nó gur foilsíodh faisnéis i bhfoirm achomair amháin agus go bhfoilsítear í go páirteach nó go hiomlán ina dhiaidh sin, míneoidh an Coimisiún um Chaighdeáin ar an gClár cén fáth ar moillíodh an foilsiú nó cén fáth ar achoimríodh an fhaisnéis.

Aon duine nach bhfuil sásta le haon chinneadh ón gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le foilsiú moillithe, féadfaidh sé achomharc a dhéanamh.

Ní dhéanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin faisnéis a moillíodh nó a achoimríodh a chur ar fáil go poiblí ach amháin go dtí 14 lá tar éis dó a chinneadh déanamh amhlaidh. Déanann an Coimisiún é sin chun deis a thabhairt do dhaoine achomharc a dhéanamh. Má dhéanann tú achomharc, ní fhoilseofar an fhaisnéis go dtí go mbeidh an próiseas achomhairc thart nó go dtí go dtarraingeofar an t-achomharc siar.

"Tréimhse mharana": Srianta ar fhostaíocht iarthéarma mar bhrústocaire

Foráiltear leis an Acht go bhfuil srian ar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe áirithe dul i mbun brústocaireachta i gcásanna áirithe ar feadh bliana tar éis dóibh a bpost nó a n-oifig a fhágáil ach amháin sa chás go bhfaigheann siad cead ón gCoimisiún um Chaighdeáin déanamh amhlaidh – is é sin le rá, tá siad faoi réir tréimhse "mharana".

Is iad seo a leanas na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe lena mbaineann: Airí agus Airí Stáit, comhairleoirí speisialta agus seirbhísigh phoiblí fhorordaithe. Tagraímid do na daoine sin mar "iar-Oifigigh Phoiblí Ainmnithe" sa rannán seo de na treoirlínte.

Daoine eile ar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe iad chun críocha na gceanglas um chlárú brústocaireachta - is iad sin, TDanna, Seanadóirí, FPEnna agus comhaltaí údaráis áitiúil - ní chuimsítear iad leis an bhforáil sin.

Ní fhéadfaidh na hiar-Oifigigh Phoiblí Ainmnithe nach gcuimsítear leis an bhforáil sin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Gníomhaíochtaí brústocaireachta a dhéanamh, ná
- Bheith fostaithe ag duine atá ag déanamh gníomhaíochtaí brústocaireachta, ná seirbhísí a chur ar fáil dó, i gcúinsí áirithe.

Baineann na cúinsí sin leis na cásanna seo a leanas:

- Baineann an ghníomhaíocht brústocaireachta le haon chomhlacht seirbhíse poiblí lena raibh baint ag an iar-Oifigeach Poiblí Ainmnithe, is é sin le rá, áit a raibh sé fostaithe nó i seilbh oifige nó a raibh aon phost eile aige sa bhliain sular fhág an t-iarOifigeach Poiblí Ainmnithe an comhlacht, nó

- Tá an ghníomhaíocht brústocaireachta á déanamh thar ceann duine a bhí ina Oifigeach Poiblí Ainmnithe agus a raibh baint aige leis an gcomhlacht seirbhíse poiblí sa bhliain sular fhág an t-iarOifigeach Poiblí Ainmnithe an comhlacht.

Féadfaidh iar-Oifigeach Poiblí Ainmnithe iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin ar thoiliú chun dul i mbun brústocaireacht den sórt sin. Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin a chinneadh toiliú a thabhairt gan choinníoll, toiliú a thabhairt go coinníollach nó diúltú don iarratas ar feadh na tréimhse ar fad nó cuid di.

Féadfaidh iar-Oifigeach Poiblí Ainmnithe nach bhfuil sásta leis an gcinneadh achomharc a dhéanamh.

Forfheidhmiú

I gCuid 4 den Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015, leagtar amach forálacha forfheidhmithe a bhfuil éifeacht acu ón 1 Eanáir 2017 i leith.Leis na forálacha a thugtar i gCuid 4, tugtar údarás don Choimisiún um Chaighdeáin sáruithe ar an Acht a imscrúdú agus ionchúiseamh ina leith agus fógraí íocaíochta seasta a ghearradh as tuairisceáin bhrústocaireachta a chomhdú go déanach.

- In alt 19 den Acht, tugtar de chumhacht don Choimisiún um Chaighdeáin imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe féideartha.
- In alt 20 den Acht, tugtar d'údarás don Choimisiún cionta a ionchúiseamh.
- In alt 21 den Acht, ceadaítear don Choimisiún fógraí íocaíochta seasta a ghearradh as tuairisceán déanach a chomhdú.

Sáruithe iomchuí

Leagtar na nithe seo a leanas amach in alt 18 den Acht mar "sháruithe iomchuí" ar an Acht:
- Gníomhaíochtaí brústocaireachta a dhéanamh gan a bheith cláraithe;
- Mainneachtain tuairisceán a chur isteach faoin spriocdháta;
- Aon fhaisnéis is eol a bheith míchruinn nó míthreorach a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin;
- Mainneachtain comhoibriú le hoifigeach imscrúdaithe atá ag déanamh imscrúdú ar sháruithe ar an Acht; agus
- Bac a chur ar imscrúdú.

Imscrúduithe

Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin imscrúdú a údarú má chreideann sé le réasún go ndearna duine sárú iomchuí, nó go bhfuil sárú iomchuí á dhéanamh ag duine, ar an Acht.

Féadfar oifigigh údaraithe a cheapadh chun an t-imscrúdú a dhéanamh. Beidh cumhachtaí fairsinge acu chun faisnéis riachtanach agus doiciméid riachtanacha a fháil, lena n-áireofar an chumhacht chun dul isteach in áitreabh agus é a chuardach.

Féadfaidh an Coimisiún cionta a ionchúiseamh mar thoradh ar imscrúdú.

Ionchúisimh agus Fíneálacha

Féadfaidh an Coimisiún aon sárú iomchuí atá liostaithe thuas a ionchúiseamh
- Más rud é go n-ionchúisítear thú sa Chúirt Dúiche agus go bhfaightear ciontach thú (ciontú achomair), is féidir go ngearrfar fíneáil €2,500 ar a mhéad ort (rud ar a dtugtar fíneáil de chuid Aicme C).

- Más rud é go n-ionchúisítear thú sa Chúirt Chuarda Choiriúil agus go bhfaightear ciontach thú (ciontú ar díotáil), is féidir go gcuirfear fíneáil agus príosúnacht ar feadh téarma dhá bhliain ar a mhéad ort. Beidh ort íoc as costais imscrúdaithe an Choimisiúin um Chaighdeáin sa dá chás freisin.

- Is sárú é tuairisceán déanach a chur isteach (is é sin, tuairisceán a chur isteach tar éis an spriocdháta fhorordaithe). Gearrfar fógra íocaíochta seasta as an sárú sin. Is é €200 suim na híocaíochta seasta. Má íocann tú an íocaíocht sheasta laistigh den tréimhse shonraithe, ní rachfar i mbun tuilleadh birt. Is féidir go n-ionchúiseofar thú mura n-íocann tú an fógra íocaíochta seasta.

Achomhairc

Féadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí áirithe ón gCoimisiún um Chaighdeáin. Má tá duine míshásta le cinneadh ón gCoimisiún, féadfaidh sé achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ar leith sin laistigh de 14 lá, agus na cúiseanna leis an achomharc á lua aige. Ba cheart achomhairc a dhéanamh chuig appeals@lobbying.ie. Is iad seo a leanas na cinntí atá i gceist:

- Cinneadh maidir le faisnéis a bhaint i gcás inar chinn an Coimisiún go bhfuil sí míchruinn, as dáta nó míthreorach
- Cinneadh maidir le hiarratas ar fhoilsiú moillithe
- Cinneadh maidir le hiarratas ar na srianta ar fhostaíocht iarthéarma a tharscaoileadh nó a laghdú.

Cheap an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Oifigigh Achomhairc neamhchlaonta neamhspleácha chun breithniú a dhéanamh ar achomhairc den sórt sin. Chomh maith leis sin, d'fhorordaigh an tAire na nósanna imeachta nach mór a leanúint agus achomhairc á seoladh. Tá na nósanna imeachta achomhairc ar fáil anseo.

Déanfaidh an tOifigeach Achomhairc cinneadh ar an achomharc laistigh de 14 lá tar éis an t-achomharc a shannadh dó. Féadfaidh sé

- An cinneadh ón gCoimisiún um Chaighdeáin a dhaingniú, nó
- An cinneadh a chúlghairm agus cinneadh nua is cuí leis a chur ina áit.

Eiseofar an cinneadh ón Oifigeach Achomhairc chuig an duine atá ag déanamh an achomhairc agus chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin ag an aon am amháin.

Féadfar achomharc in aghaidh an chinnidh ón Oifigeach Achomhairc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí laistigh de 21 lá tar éis an cinneadh a dhéanamh. Is críochnaitheach atá an bhreith ón Ard-Chúirt agus ní fhéadfar achomharc eile a dhéanamh ina haghaidh.

Athbhreithniú ar an Acht

Déanfar athbhreithniú ar an Acht nuair a bheidh sé i bhfeidhm le bliain, is é sin, i mí Mheán Fómhair 2016. Agus an t-athbhreithniú sin á dhéanamh aige, rachaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mbun comhairliúchán le daoine atá ag déanamh gníomhaíochtaí brústocaireachta agus lena gcuid ionadaithe, i measc daoine eile.

Tuilleadh Faisnéise

Tá tuilleadh faisnéise faoin *Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015* ar fáil ag www.lobbying.ie.
Aon duine ar mian leis freastal ar sheisiún faisnéise ar an Acht, ba cheart dó spéis a chlárú ach ríomhphost a chur chuig info@lobbying.ie

Arna hAthbhreithniú in Eanáir 2017

Aguisín: Dea-chleachtais do dhaoine atá ag déanamh gníomhaíochtaí brústocaireachta

- Déan athbhreithniú ar shocruithe d'eagraíochta le haghaidh cumarsáidí iomchuí a thaifeadadh
- Nuair is gá, cuir socruithe i bhfeidhm chun an fhaisnéis sin a thaifeadadh ó thús na chéad tréimhse iomchuí a dtosaíonn tú ar bhrústocaireacht a dhéanamh lena linn
- Sainaithin an duine aonair/na daoine aonair atá freagrach as tuairisceáin a chlárú agus a thiomsú.
    - Tabhair faoi deara: Is féidir go ndéanfaidh níos mó ná fostaí amháin sonraí a iontráil sa chlár ar bhonn leanúnach agus iad a shábháil i bhfoirm dréachta (ar réimse príobháideach den chlár) sula gcuirfear isteach iad go foirmiúil.
- Ainmnigh oifigeach comhlíonta
    - Duine aonair atá freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar gach tuairisceán deiridh ó thaobh iomláine, cruinnis agus comhsheasmhachta de agus as a chinntiú go gcomhlíontar gach spriocdháta tuairisceán
    - Is féidir leis an duine tuairisceán deiridh a chur isteach ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe
- Téigh chuig www.lobbying.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil, lena n-áirítear treoir, uirlisí faisnéise agus físeáin a fhéadann cabhrú leat:
    - Déan cinneadh ar cé acu atá nó nach bhfuil brústocaireacht á déanamh agat
    - Faigh na freagraí ar cheisteanna coitianta
    - Cuir an próiseas clárúcháin i gcrích
    - Cuir do thuairisceán i gcrích